

Ga Gréine i gCnoc na hAille: Coláiste Cholmcille ...

Tá béim mhór ar dhíospóireachtaí, tráth-na-gceist, ceol agus damhsaí Gaelacha, dramaíocht agus scríbhneoireacht. Is léir ón méid scoláirí a ghlacann páirt sna himeachtaí sin go bhfuil tuiscint ag na scoláirí ar thábhacht agus eagsúlacht a gcultúir.

Tá an-suim i gcónaí ag na scoláirí i gcúrsaí spóirt agus cabhróidh an pháirc nua go mór le himeachtaí. Ba mhór an onór é don scoil nuair a thug iarscoláire de chuid na scoile, ball d'fhoireann na Gaillimhe, Corn Shomhairle Mhig Uidhir isteach sa scoil tar éis Craobh na hÉireann a bhuachan sa mbliain 1998. Bhí áthas agus bród ar gach duine sa scoil nuair a ghlac iarscoláire páirt sna cluichí Ólimpeacha i Sydney sa gcaghadóireacht. Is breá linn a fheiceáil freisin go bhfuil triúr iarscoláirí na scoile ar phainéal peile na Gaillimhe faoi láthair. Tá éachtaí déanta i gcúrsaí gnó agus i gcúrsaí cumarsáide an cheantair ag go leor dár n-iarscoláirí. Is iontach an tacaíocht atá ar fáil ag an scoil ó na daoine seo.

Is gearr go mbeidh Lá Breithe leathchéad bliain ag an scoil sa gceantar agus is iomaí athrú a tharla le linn an ama seo agus baint, a bheag nó a mhór, ag an scoil leo. Faoi láthair tá an saol ag athrú níos sciobtha ná riamh. Ó thaighde atá déanta le tamall anuas tá sé soiléir go bhfuil deacrachtaí móra ag óige na tíre seo: Tá an leibhéal aclaíochta is ísle san Aontas Eorpach acu. Tá siad ar bharr an liosta ó thaobh mhí-úsáid alcóil agus drugaí de. Tá brú ó thaobh cúrsaí gnéis ag aois níos óige ar ógá-naigh an lae inniu. Tá obair pháirtaimseartha ag roinnt mhaith scoláirí. Níl mórán airde ar rialacha agus údarás. Cén chaoi a reiteofar na fadhbanna seo? Ní leigheasfar sa scoil amháin iad. Ní mór don scoil, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne teacht agus oibriú le chéile ar mhaithe na ndaltaí. Tá polasaithe agus pleananna nua Rialtais ag teastáil freisin. Tá dúshlán mór le tabhairt. Táim sásta agus muiníneach go bhfuil Coláiste Cholmcille i gcomhar le thuismitheoirí agus eagraíochtaí eile in ann don dúshlán atá romhainn.

GLACADH NA CINNIÚNA

Maria Nic Diarmada

Cén mhaith a bhí aici bheith á ceistiú féin le ceisteanna dofhreagartha mar a bhí á dhéanamh aici ón lá ar tharla sé? Ag suí ar leic na huaighe, ag éisteacht le fuaimeanna na dtonn ag teacht aníos ar an gcladach. Mothú na ciontaí inti agus gan í in ann an t-uaigneas a chroithheadh di. Suite san atmaisféar seo, smaoinigh sí nach morán ama é chúig bhliana, ach nárbh iomaí rud a bhí tarlaithe ó thainig sé isteach ina saol? Is é ais-tear an tsaoil é sin ó bhroinn na máthar go dtí an fód.

An lá sular socraíodh an chinniúint bhíodar beirt - deartháir agus deirfiúr - sa seomra ag gáire agus ag spraoi mar ba ghnách leo a dhéanamh ach bhí tuiscint eatarthu nach bhféad-faidis a mhiniú, nach i bhfad eile a bheidís ag gáire le chéile. Chan siad 'Beidh Aonach Amárach i gContae an Chláir' mar gurbh é a thaithnigh leis agus mar chríoch leis an gcurfá bhí 'cén mhaith dhom é, ní bheidh mé ann' agus aríst agus aríst eile, dúirt sé an líne chéanna agus súile an chréatúirín ag líon-adh le deora nach dtiocfadh leis. Bhuaile cantal í. Nárbh é a d'fhulaing, ach casaoid ní dhearna ariamh. Chuile mhaidin ag teacht isteach ina leaba chuici le meangadh gáire, agus ag breith barróige uirthi.

Ach, bhí críoch tagtha leis sin agus thuig sí gur mhór an difríocht idir a raibh taobh thiar agus a bheadh amach roimpi. Bhí a deartháir, an duine a rinne an chiall uilig di, imithe, a mhúin di gur as dorchadas a thagann dóchas agus a líon a croí le háthas gach lá a raibh sé ann. Soir léi, i dtreo gheata na reilige, ag breathnú timpeall go haireach, clocha cinn ag teacht suas lena cúl agus fuaimeanna na farraige gléigile á

leanacht de shíor. Gan fonn uirthi an áit a fhágáil ach é de dhualgas uirthi éalú.

Leis sin, tharla rud éicint, bhuaile nóiméad eisceachtúil í, é seacht mí ó tharla sé, agus an geata á dhúnadh aici - ní fhéad-fadh sí leanacht ar aghaidh mar a bhí. Ní bheadh na freagraí go deo aici. B'éigean di ligean den phian agus a dícheall a dhéanamh dul ar aghaidh lena saol go neamhspléach. Shocraigh sí, cé nach n-imeodh mothú na ciontaí uathí fad is a bheadh uisce ag rith agus féar ag fás, bhí sí réidh le haghaidh chonstaici a saoil nua, dá uireasa.

Ghlac sí leis an gcinniúint, bás a dearthára, rud a chaitheann muid uilig a dhéanamh uair éicint - cé nach mar a chéile cás chuile dhuine - nó sin maireachtáil san iargúlacht. Deir na seandaoine, nach maireann aon cheo ach seal, gur fearr as na mairbh sna Flaithis. Ba dheas é, a chreid sí, go mbeadh an ceart acu, ach cé aige atá a fhios? Le deartháir ar feadh chúig bhliana, gan deartháir ar feadh ama aineolaigh. Is dó a mhair sí, is é a spreag í - a ghruaig dhubh, a shúile móra gorma, a lámha beaga soineanta dochomparáideacha, an bealach ar dhúirt sé a hainm. Ní chloisfeadh sí aríst é. Meas gan teo-rainn a bhí aici air. Bhí caitheamh ina dhiaidh aici, nár inis sí dó gurbh é a laoch é, an duine nár lig síos ariamh í, súil aici go raibh a fhios aige é.


Bhí a baile sroichte anois aici, baile lán le croithe briste, an duine a cheangail le chéile iad imithe. Mar sin féin, shiúil sí isteach le dearcadh nua ar gach a raibh tarlaithe agus a bhí le theacht. Bhí glacadh na cinniúna déanta aici. Leis sin, dúirt sí léi féin: "Imithe ó mo shaol atá tú a Mhichael, ach ní ó mo chroí".

Seo píosa a scríobh Maria ar bhás a dearthára, Michael, a d'éag in Eanáir, 1999 in aois a chúig bhliana.

Maidhc Ó Cadhain 1920 - 2001

Seán Éimíú

Ag tús mí Meithimh i mbliana, bhásaigh Maidhc Cadhain. Ón mbliain 1981, nuair a chuaigh sé amach ar pinsean, chónaigh Maidhc agus a bhean Máire (Mamie Johnny Mhaidhc) ar an Lochán Beag. Rugadh Maidhc sa mbliain 1920. Chaith sé tamall ag obair i mBaile Átha Cliath agus i Sasana, ach is i mBoston Mheiriceá a chaith sé formhór a shaoil.



Maidhc Ó Cadhain

Nuair a chuaigh Maidhc go Meiriceá ag deireadh na ndaichidí, bhí na mílte as Éirinn ag tarraingt ar na hallaí damhsa i mBoston agus i Dorchester. Is ag ceann de na damhsaí sin a casadh Máire Ní Chadhain (Mamie) ar Mhaidhc. Phós siad agus chaith Maidhc a shaol oibre ina dhiaidh sin le comhlacht Leictreachais Mheiriceá, Edison. Bhí cónaí orthu ar Shráid Emerson, City Point, Boston le linn fhormhór an ama sin.

Fear aclaí a bhí sa gCadhanach. Shiúileadh sé trí nó ceithre mhíle chuile lá. I Meiriceá, théadh sé ag snámh agus ag aclaíocht thíos ar thrá Charson áit a mbíodh pinniúr liathróide láimhe agus tre-alamh aclaíochta. Bhí suim an-mhór aige sna hócáidí Gaelacha a bhíodh ar siúl ar fud Mheiriceá: feiseanna, cluichí peile agus iománaíochta, agus féilte éagsúla. Ba mhinic leis freastal ar an bhféile mhór cheoil a bhíonn ar siúl sna Catskills i Nua Eabhrac.

Nuair a chuaigh Maidhc amach ar pinsean, tháinig sé féin agus Mamie abhaile go dtí a dteach nua ar an Lochán Beag. Dar ndóigh, b'as an gCnocán Glas ó dhúchas do Mhaidhc, agus níor thóg sé i bhfad air aithne a chur ar mhuintir an Locháin Bhig, a chuir an-fháilte roimhe. Bhí an-suim aige i gcónaí i gcúrsaí peile, go háirithe Cumann Peile Micheál Breathnach, agus d'fhreastalaíodh sé go rialta ar na cluichí ina mbíodh na Breathnaigh ag imirt.

Chuirfeadh Maidhc Cadhain fáilte mhór roimh gach duine, sean nó óg, a thagadh ar cuairt chuige. Léadh sé go leór leabhra, irisí agus páipéir, agus ba bhreá leis a bheith ag plé cúrsaí polaitíochta agus scéalta móra an lae le daoine. Bhí bua na héis-teachta aige go deimhin, agus ní tharraingneodh sé anuas aon ábhar cainte mura ndéarfá féin rud éicint ar dtús! Ba dhuine é nár lig scil air fhéin ach ba léir ón leabharlann iontach a bhí aige go raibh go leor eolais aige.

Duine an-oibleagáideach a bhí ann. Dá mbeadh gar ag teastáil uait, bhí Mhaidhc ar fáil i gcónaí chun cabhrú leat. Bhí féith an ghrinn ann, bhí féith na tuisceanna ann agus ba chara, comharsa agus duine uasal é.

Thug sé cuairt ar Bhaile Átha Cliath ag tús na bliana seo, nuair a bhronn Raidió na Gaeltachta sraith de dhlúthdhioscaí béaloidis Mháirtín Uí Chadhain ar an gclann, ag ócáid a bhí ar siúl in Óstán Buswells. B'in í an ócáid phoiblí dheire-anach ar ar fhreastail sé. Bhí sé i measc a mhuintire agus a ghaolta an oíche sin agus bhain sé an-taitneamh as gan dabht.

Tá an Cadhanach imithe uainn anois, faraor, agus súil againn go bhfuil sé i measc a mhuintire agus a chairde atá imithe roimhe. Ar dheisláimh Dé go raibh a anam uasal.